



Is é 112 an uimhir ghutháin do sheirbhís éigeandála i dtíortha an AE, ó ghutháin phóca nó ó ghutháin shocraithe, saor in aisce.

Samhlaigh go bhfuil tú ar cuairt i dtír AE is go bhfuil tú i dtionóisc, nó mar fhinné ar cheann. An eol duit an uimhir le gaoch uirthi? Agus Eorpaigh ag taisteal níos minicí ar ghnó nó ar saoire, tharlódh go mbeadh an fhadhb seo ag na milliúin. Ar an dea-uair, ní gá dul sa tóir ar uimhir éigeandála éagsúil do gach tír AE ina mbeidh tú. Cuimhnigh ar 112!

Ní ghlacfaidh 112 ionad na n-uimhreacha éigeandála náisiúnta. I bhformhór na dtíortha, oibríonn sí taobh leis na huimhreacha náisiúnta. Roghnaigh an Danmhairg, an Fhionlainn, an Ísiltír, an Phortaingéil, an tSualainn, Málta agus an Rómáin 112 mar phríomhuimhir éigeandála náisiúnta, ámh.

Cad a tharlaíonn nuair a ghlaonn tú?

Freagróidh oibritheoir oilte do ghlaoch. Ag brath ar an tír, pléifeadh an t-oibritheoir féin leis an iarratas nó cuirfear ar aghaidh thú chuig an tseirbhís éigeandála chuí.

Is minicí a bhíonn oibrithe in ann plé le glaonna 112 i mbreis is teanga amháin, rud atá tábhachtach do dhaoine a ghlaonn ar 112 agus iad thar lear.

Tabhair d'ainm, do sheoladh, d'uimhir ghutháin.

Is gá sin chun scairteoirí a aithint is mearbhall a sheachaint – b'fhéidir gur thuairiscigh roinnt daoine an tarlú céanna cheana.

Ná croch suas má ghlaonn tú ar 112 trí thaisme!

Abair leis an oibritheoir go bhfuil gach rud i gceart. Mura ndéanann tú é sin, b'fhéidir go mba ghá cabhair éigeandála a chur amach le seiceáil nach bhfuil fadhb ann.

Do bhreis eolais, gliogáil [anseo](http://ec.europa.eu/112).

Glaigh ar 112

- Chun teagmháil a dhéanamh leis an tseirbhís éigeandála
- In aon tír AE
- Ó fhóin shocraithe, ina measc íocfhóin, nó ó fhóin phóca
- Saor in aisce

Cathain a thig leat gaoch ar 112?

Dialligh 112 in aon éigeandáil inar gá otharcharr, an bhriogáid dóiteáin nó na póilíní. Samplaí:

- ✓ Bhí tú i dtionóisc bhóthair thromáil, nó mar fhinné ar cheann.
- ✓ Feiceann tú foirgneamh trí thine.
- ✓ Feiceann tú daoine ag briseadh isteach i dteach

Ná gaoch ar 112 chun teacht ar, mar shampla:

- ✗ Tuairiscí tráchta
- ✗ Tuairiscí aimsire
- ✗ Eolas nó ceisteanna ginearálta traffic

B'fhéidir go gcuirfeadh glaonna gan ghá róbharr ar an gcóras, is beathaí na ndaoine ar gá dóibh cabhair éigeandála dáiríre a chur i mbaol.

Tig le glaonna bréige tionchar a imirt ar an bhfreagairt ar éigeandálaí dáiríre. I ngeall ar líon ard na nglaonna bréige, chinn an Bheilg, an Chipir, an Fhrainc, an tSlóivéin is an Ríocht Aontaithe cosc a chur ar ghlaonna ó fhóin phóca gan chárta SIM.

